An Mheitheal Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall

"Tabhair síob mar bhronntanas um Nollaig"

De bharr athruithe a rinneadh ar an reachtaíocht i dtaca le tiomáint ar meisce, tá Meitheal Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall ag tathaint ar an phobal síob a thabhairt do chairde agus do dhaoine muinteartha mar bhronntanas um Nollaig. San fheachtas seo iarrtar ar dhaoine geallúint a dhéanamh síob amháin a thabhairt do bhall teaghlaigh nó do chara, nó tacsaí a eagrú dóibh, i rith shéasúr na Nollag, tríd an chárta bheag éadromchroíoch, atá deartha go speisialta, a úsáid.

Is é an Méara Nollaig Mac Giolla Bhríde atá ar thús cadhnaíochta san fheachtas, agus mhínigh sé an t-éiteas atá taobh thiar den tionscnamh úr agus é ag labhairt ag an seoladh ar na mallaibh. "Bíonn saol sóisialta níos gnoithí ag daoine i rith na Nollag, agus ní féidir luach a chur ar a fhios a bheith agat go bhfuil do theaghlach nó do chairde i ndiaidh pilleadh abhaile slán sábháilte ó chóisir oibre nó ó chóisir teaghlaigh" arsa an Méara Mac Giolla Bhríde. "Mar sin de, tá muid ag iarraidh ar dhaoine geallúint a dhéanamh go gcuirfidh siad síob amháin ar fáil i rith na Nollag chun cuidiú leis an bhaol timpistí a laghdú. D'fhéadfadh síob abhaile, mar bhronntanas, trí thiománaí ainmnithe nó tacsaí a chur ar fáil um Nollaig, d'fhéadfadh sé beatha duine a shábháil, ar bheagán costais agus mar ghníomh beag simplí."

Is iondúil go n-impíonn Meitheal Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall go láidir ar gach úsáideoir bóthair bheith níos cúramaí i rith na Nollag, agus a smaointiú faoi na himpleachtaí, dóibh féin agus dá dteaghlaigh, as iompar míchúramach.

Agus é ag cur leis an teachtaireacht Nollag i dtaca le sábháilteacht bhóthair is é a dúirt Éamonn Brown, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair le Comhairle

Contae Dhún na nGall, "Ba chóir d'úsáideoirí bóthair bheith iontach cúramach ag an am seo den bhliain nuair a bhíonn na bóithre níos gnoithí ná am ar bith eile. Bí freagrach. Ná bí ag tiomáint má bhí tú ag ól. Moilligh síos agus bíodh crios sábhála ort i gcónaí. Agus sibhse a bhíonn ag rothaíocht nó ag siúl, cuirigí éadaí geala frithchaiteacha oraibh i gcónaí. Tá formhór na ndaoine ag déanamh de réir na dteachtaireachtaí tábhachtacha tarrthála seo, ach táthar ann nach bhfuil. Ná bí thusa freagrach as tragóid a thabhairt isteach i saol aon teaghlaigh um Nollaig.

"Is breá liom daoine a fheiceáil amuigh ag déanamh comhluadair agus ag bualadh le cairde agus le gaolta san am seo den bhliain" a lean an Méara. "Tá súil agam, de bharr an togra seo, go bhféadfaimid uilig sin a dhéanamh gan timpiste a tharlú d'éinne. Tabhair síob mar bhronntranas, clóigh an cárta ónár suíomh idirlín (www.donegalroadsafety.ie) nó bailigh ceann acu ó na hIonaid Seirbhísí Pobail, agus cuidigh le gach duine a choinneáil sábháilte an Nollaig seo."

D'fháiltigh Michael harrison, Cigire Tráchta na nGardaí roimh an tionscnamh agus mheabhraigh sé do dhaoine a gcuid turas a phleanáil roimh ré. "Tá muid ag cur i gcuimhne do thiománaithe pleanáil chun tosaigh agus iad ag dul amach a dh'ól thar thréimhse na Nollag. Fág na heochracha sa bhaile, faigh tacsaí, mionbhus nó iompar poiblí, ainmnigh tiománaí agus bí páirteach i dtionscnamh 'Tabhair Síob mar Bhronntanas' de chuid Mheitheal Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall leis na bóithre a dhéanamh slán sábháilte um Nollaig. I mí na Nollag anuraidh, in ainneoin na drochaimsire, rug An Garda Síochána ar 786 dhuine agus iad ag tiomáint faoi thionchar óil. Mar sin de, tá muid ag breith ar dhaoine. Ná bíodh aon amhras faoi sin. Dá bhrí sin, má bhíonn tú ag tiomáint faoi thionchar an óil um Nollaig, bí réidh le castáil linn. ”

Tá an dearbhán bronntanais ar fáil ag http://www.ccdhunnangall.ie/services/roadstransport/Road+Safety nó san ionad seirbhísí pobail áitiúil, agus tairgeann sé síob abhaile uaitse, mar thiománaí ainmnithe. Críochnaíodh an seoladh feachtais le teachtaireacht

láidir d'éinne a bheas ag ól i rith na Nollag, bheith freagrach agus ciallmhar trí thacsaí a úsáid, agus iad a chur in áirithe roimh ré más féidir, lena chinntiú go mbeifear in ann taisteal go sábháilte i rith na saoire.

Fá choinne agallamh, gabh i dteagmháil le Méara Nollaig Mag Giolla Bhríde ar 087 2537 107.